Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5307

13.10.2025

**Iarraidh ar réamhrialú ó Ústavný súd Slovenskej republiky (an tSlóvaic) a taisceadh an 13 Meitheamh 2025 – OC v Okresný súd Banská Bystrica**

**(Cás C-393/25, Okresný súd Banská Bystrica)**

(C/2025/5307)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Ústavný súd Slovenskej republiky

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* OC

*Freagróir:* Okresný súd Banská Bystrica

### An cheist a tharchuirtear:

An gcaithfear Airteagail 8 agus 23 de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle ([1]) a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht den sórt sin agus ar chásdlí na gcúirteanna náisiúnta a eascraíonn as sin, nach gceadaíonn, in imeachtaí forfheidhmiúcháin, scrúdú *ex officio* a dhéanamh ar sháraigh an creidiúnaí an oibleagáid acmhainneacht creidmheasa an tomhaltóra a mheasúnú, agus nach gceadaítear leo pionóis a fhorchur as caillteanas úis ar an soláthróir a dheonaigh an iasacht don tomhaltóir nach bhfuil acmhainneach?

---

([1]) IO 2008 L 133, lch. 66.